# Féile Joe Éinniú

Eochairfhocail: féile, seisiún ceoil, amhránaí, imeachtaí


Príomhscileanna: Éisteacht, scríobh, léitheoireacht, caint

**Breathnaigh ar an mír nuachta seo agus freagair na ceisteanna a bhaineann leis:**

1. Céard é Féile Joe Éinniú?
2. Cén áit a bhfuil na daltaí ar scoil?
3. Cén dá rud a bheidh ar siúl le linn na féile dar le Ruadhán?
4. Cén gaol atá ag Joesph le Joe Éinniú?
5. Cé mhéad bliain atá an fhéile ar an bhfód?

**Anois, an féidir leat póstaer a dhearadh le fógraíocht a dhéanamh ar Fhéile Joe Éinniú?**

**Anois, tar éis duit na ceisteanna sin a fhreagairt an féidir leat tabhairt faoin léamhthuiscint seo?**



## Joe Éinniú

Rugadh Joe Éinniú i gCarna Contae na Gaillimhe sa bhliain 1919. D'fhoghlaim sé a lán amhrán agus é ag fás aníos agus thosaigh sé ag amhránaíocht ar an sean-nós agus é cúig bliana d'aois. Bhuaigh sé scoláireachtaí le freastal ar scoil i mBaile Átha Cliath agus bhuaigh sé a lán comórtas amhránaíochta agus é ann. Chuaigh sé go Londain agus é sna fichidí le dul ag obair mar thógálaí. Thosaigh sé ag amhránaíocht arís ansin agus thaifead sé cúpla ceirnín ann. Bhog sé go Nua-Eabhrac sa bhliain 1959 áit ar fhan sé go bhfuair sé bás. Tugadh abhaile é agus tá sé curtha sa bhaile i gConamara.

**Freagair na ceisteanna seo a leanas:**

1. Cá háit ar rugadh Joe Éinniú?
2. Céard a d'fhoghlaim sé agus é ina bhuachaill óg?
3. Cad a bhuaigh sé agus é i mBaile Átha Cliath?
4. Cad a rinne Joe i Londain?
5. Cén áit ar bhog Joe sa bhliain 1959?
6. Cén áit a bhfuil Joe curtha?



# Na Freagraí

1. Féile a dhéanann ceiliúradh ar shaol agus ar shaothar an amhránaí ar an sean-nós.
2. Scoil Náisiúnta Mhuire i gCarna.
3. Comórtas amhránaíochta agus seisiún ceoil
4. A shinsheanuncail
5. Dhá scór bliain (40 bliain)

1. Carna, Contae na Gaillimhe
2. A lán amhrán
3. A lán comórtas amhránaíochta
4. Ba thógálaí é
5. Nua-Eabhrac
6. Conamara

